**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 6 Iúil 2022 – OC v SEGS**

**(Cás T-681/20)** ([1])

***(Dliteanas – Státseirbhís – Foireann SEGS ar phostú i dtríú tír – Tuairisciú neamhrialtachtaí – Tuarascáil chigireachta – Aistriú – Gníomhartha a dhéanann dochar d'oifigeach – Iompar nach bhfuil cinneadh i gceist leis – Ceanglais an nós imeachta réamhdhlíthíochta a chomhlíonadh – Cosaint sceithirí – Airteagal 22a de na Rialacháin Foirne – Dualgas cúraim – Airteagail 7 agus 8 den Chairt um Chearta Bunúsacha – Meas ar an saol príobháideach – Cosaint sonraí pearsanta)***

(2022/C 340/42)

*Teanga an cháis: an Fhraincis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* OC (ionadaithe: L. Levi agus A. Champetier, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* An tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí (ionadaithe: S. Marquardt agus R. Spáč, i gcáil Gníomhairí)

**Maidir le:**

Lena caingean de bhun Airteagal 270 CFAE, iarrann an t-iarratasóir cúiteamh i leith damáiste líomhnaithe a bhain di mar thoradh ar ghníomhartha agus iompar na Seirbhíse Eorpaí Gníomhaíochta Seachtraí (SEGS).

**An chuid oibríochtúil**

1) Ordaítear don tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí (SEGS) suim EUR 10 000 a íoc le OC i leith damáiste neamhábhartha a fulaingíodh;

2) Diúltaítear don chuid eile den chaingean.

3) Ordaítear do SEGS a chostais féin agus leath na gcostas arna dtabhú ag OC a íoc.

([1]) IO C 19, 18.1.2021.

---

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 6 Iúil 2022 – VI v an Coimisiún**

**(Cás T-20/21)** ([1])

***(Seirbhís shibhialta – Oifigigh – Earcaíocht – Comórtas ginearálta EPSO/AD/363/18 – Neamhchlárú ar an liosta ionadaithe – Cóir chomhionann – Cobhsaíocht chomhdhéanamh an ghiúiré)***

(2022/C 340/43)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* VI (ionadaithe: D. Rovetta agus V. Villante, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* an Coimisiún Eorpach (ionadaithe: T. Lilamand, D. Milanowska agus A.-C. Simon, i gcáil Gníomhairí)

**Ábhar**

Trína chaingean atá bunaithe ar Airteagal 270 CFAE, iarrann an t-iarratasóir, ar an gcéad dul síos, go gcuirfí ar neamhní, sa chéad áit, cinneadh arna dhéanamh ag giúiré an chomórtais EPSO/AD/363/18 gan é a chur ar liosta ionadaithe an chomórtais sin, sa dara háit, cinneadh den ghiúiré céanna diúltú d'iarratas an iarratasóra athbhreithniú a dhéanamh ar an gcinneadh tosaigh, sa tríú háit, cinneadh de chuid an Choimisiúin an 20 Lúnasa 2019 ag diúltú dá ghearán, sa cheathrú háit, fógra comórtais EPSO/AD/363/18 an 11 Deireadh Fómhair 2018 a eagraíodh chun dhá liosta ionadaithe a dhéanamh as a n-earcódh an Coimisiún riarthóirí (AD 7) i réimsí custaim agus cánachais agus, sa chúigiú háit, liosta ionadaithe an chomórtais sin, agus ar an dara dul síos, iarrann sé cúiteamh as an damáiste a líomhnaítear.